# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1228 ÓN gCOIMISIÚN

**an 7 Meitheamh 2023**

**maidir le hinfheidhmeacht Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dámhachtain conarthaí le haghaidh na gníomhaíochta a bhaineann le seirbhísí mearbheartseachadta sa Liotuáin.**

*(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2023)3641)*

**(Is é an téacs Liotuáinise amháin atá barántúil)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 35(3) de,

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach um Chonarthaí Poiblí,

De bharr an mhéid seo a leanas:

## 1. FÍORAIS

(1) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir le tuairim an Choiste Chomhairligh um Chonarthaí Poiblí.

(2) An 6 Eanáir 2023, chuir Lietuvos paštas, AB ('an t-iarratasóir') iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin de bhun Airteagal 35(1) de Threoir 2014/25/AE ('an iarraidh'). Comhlíonann an iarraidh na ceanglais fhoirmiúla a leagtar amach in Airteagal 1(1) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1804 ón gCoimisiún ([2]) agus in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin.

(3) Is soláthraí seirbhíse poist sa Liotuáin agus eintiteas conarthach é an t-iarratasóir de réir bhrí Airteagal 4(2) de Threoir 2014/25/AE. Is é an t-iarratasóir an t-aon eintiteas conarthach sa Liotuáin a sholáthraíonn seirbhísí poist de réir bhrí Airteagal 13(2), pointe (b), de Threoir 2014/25/AE. Baineann an iarraidh le seirbhísí poist áirithe, dá dtagraítear in Airteagal 13(1) (a) de Threoir 2014/25/AE, a sholáthraíonn an t-iarratasóir i gcríoch na Liotuáine, go háirithe seirbhísí mearbheartseachadta ([3]). Ní hiad gnáthseirbhísí beartseachadta ábhar an Iarraidh. Cuireann an t-iarratasóir seirbhísí mearbheartseachadta ar fáil faoin ainm branda 'LP Express', agus ar na seirbhísí sin tá seachadadh beart ó phointe bailithe (e.g., teach na gcliant, áit ghnó, taisceadán bailithe beart) go dtí pointe seachadta atá sonraithe ag an gcliant (baile, oifig, oifig phoist nó taisceadáin bailithe beart) ([4]).

(4) Seasamh réasúnaithe a bhfuil bunús leis arna ghlacadh ag údarás náisiúnta neamhspleách atá inniúil maidir leis an ngníomhaíocht lena mbaineann, arb údarás é dhéanann mionanailís ar an gcoinníoll i dtaca le hinfheidhmeacht Airteagal 34(1) de Threoir 2014/25/AE maidir leis an ngníomhaíocht lena mbaineann, i gcomhréir le míreanna 2 agus 3 den Airteagal sin, ní raibh seasamh den sórt sin ag gabháil leis an iarraidh. I gcomhréir le pointe 1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2014/25/AE, ós rud é gur féidir saor-rochtain ar an margadh a thoimhdiú ar bhonn na chéad fhomhíre d'Airteagal 34(3) den Treoir sin, ní mór don Choimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme a ghlacadh maidir leis an iarraidh laistigh de 105 lá oibre.

([1]) IO L 94, 28.3.2014, lch. 243.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1804 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2016 maidir leis na rialacha mionsonraithe i dtaca le cur i bhfeidhm Airteagail 34 agus 35 de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist (IO L 275, 12.10.2016, lch. 39).

([3]) Iarraidh, pointe 6.

([4]) Iarraidh, pointe 6.

(5) Tar éis iarraidh a fháil ón gCoimisiún an 13 Feabhra 2023, chuir an t-iarratasóir faisnéis bhreise isteach an 20 Feabhra 2023. An 23 Feabhra 2023, chuir an Coimisiún iarraidh bhreise ar fhaisnéis faoi bhráid an iarratasóra. An lá céanna, sheol an Coimisiún iarraidh ar fhaisnéis chuig údaráis na Liotuáine. Chuir an t-iarratasóir faisnéis bhreise isteach an 9 Márta 2023 agus thug údaráis na Liotuáine freagra ar an iarraidh ar fhaisnéis an 14 Márta 2023.

## 2. **CREAT DLÍTHIÚIL**

(6) Tá feidhm ag Treoir 2014/25/AE maidir le conarthaí a dhámhachtain chun gníomhaíochtaí a bhaineann le seirbhísí poist dá dtagraítear in Airteagal 13(2), pointe (b), den Treoir sin a shaothrú.

(7) De bhun Airteagal 34(1) de Threoir 2014/25/AE, conarthaí atá beartaithe chun gur féidir gníomhaíocht a dhéanamh a bhfuil feidhm ag an Treoir sin maidir léi, níl na conarthaí sin le bheith faoi réir na Treorach sin más rud é, sa Bhallstát ina ndéantar í, go bhfuil an ghníomhaíocht neamhchosanta go díreach ar iomaíocht ar mhargaí nach bhfuil rochtain orthu srianta.

(8) Déantar neamhchosaint dhíreach ar iomaíocht a mheasúnú ar bhonn critéir oibiachtúla, agus saintréithe sonracha na hearnála lena mbaineann á gcur san áireamh. Tá an measúnú sin teoranta, áfach, de bharr na spriocdhátaí gearra is infheidhme agus an ghá le bheith ag brath ar an bhfaisnéis atá ar fáil don Choimisiún. Eascraíonn an fhaisnéis sin as foinsí atá ar fáil cheana nó as an bhfaisnéis a fuarthas i gcomhthéacs na hiarrata de bhun Airteagal 35 de Threoir 2014/25/AE agus ní féidir an fhaisnéis sin a fhorlíonadh le modhanna a ídíonn níos mó ama, lena n-áirítear, go háirithe, fiosrúcháin phoiblí atá dírithe ar na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann.

(9) An neamhchosaint dhíreach ar an iomaíocht i margadh faoi leith, is rud í ar cheart meastóireacht a dhéanamh uirthi ar bhonn critéar éagsúil, nach bhfuil aon cheann acu ina chritéar cinntitheach as féin.

(10) Chun a mheasúnú an bhfuil na gníomhaíochtaí ábhartha faoi réir iomaíocht dhíreach sna margaí a bhaineann leis an gcinneadh seo, cuirfear an sciar den mhargadh atá ag na príomhghníomhaithe agus an líon gníomhaithe margaidh san áireamh.

## 3. **MEASÚNÚ**

(11) Is é is aidhm don Chinneadh seo a shuí cé acu atá nó nach bhfuil na gníomhaíochtaí lena mbaineann an iarraidh, i margaí nach bhfuil rochtain orthu srianta de réir bhrí Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE, neamhchosanta ar leibhéal iomaíochta lena n-áirithítear, in éagmais an smachta soláthair atá mar thoradh ar na rialacha soláthair mionsonraithe a leagtar síos i dTreoir 2014/25/AE, go ndéanfar soláthar le haghaidh shaothrú na gníomhaíochta lena mbaineann ar bhealach trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach bunaithe ar chritéir lena bhfágtar gur féidir le ceannaitheoirí an réiteach a shainaithint atá ar an gceann is buntáistí go heacnamaíoch ar an bhforiomlán.

(12) Tá an Cinneadh seo bunaithe ar an staid dhlíthiúil agus fhíorasach mar a bhí i mí Eanáir 2023, agus ar an bhfaisnéis a chuir an t-iarratasóir agus údaráis na Liotuáine isteach agus an fhaisnéis atá ar fáil go poiblí. Is féidir go ndéanfar athbhreithniú air má fhágann athruithe suntasacha ar an staid dhlíthiúil nó fhíorasach nach mbeidh coinníollacha infheidhmeachta Airteagal 34(1) de Threoir 2014/25/AE á gcomhlíonadh a thuilleadh.

### 3.1. Rochtain neamhshrianta ar an margadh

(13) Meastar go bhfuil rochtain ar mhargadh neamhshrianta má rinne an Ballstát lena mbaineann na gníomhartha dlí ábhartha de chuid an Aontais lena n-osclaítear earnáil áirithe nó cuid di, má rinne sé na gníomhartha sin a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm. Liostaítear na gníomhartha dlí sin in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2014/25/AE, lena n-áirítear, a mhéid a bhaineann le seirbhísí poist, Treoir 97/67/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]).

([5]) Treoir 97/67/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 1997 maidir le comhrialacha chun an margadh inmheánach Comhphobail i seirbhísí poist a fhorbairt agus cáilíocht na seirbhíse a fheabhsú (IO L 15, 21.1.1998, lch. 14).

(14) Mar a dheimhnigh an Liotuáin ([6]), agus ar bhonn na faisnéise atá ar fáil don Choimisiún, rinne an Liotuáin Treoir 97/67/CE a thrasuí ([7]) agus a chur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, meastar rochtain ar an margadh ábhartha a bheith neamhshrianta i gcomhréir le hAirteagal 34(3) de Threoir 2014/25/AE.

3.2. Measúnú iomaíochta

3.2.1. Sainmhíniú ar mhargadh táirgí ábhartha

(15) De réir an iarratasóra, d'fhéadfaí na margaí táirgí ábhartha a dheighilt mar seo a leanas: (a) seirbhísí mearsheachadta (cúiréir) intíre; agus (b) seirbhísí mearsheachadta (cúiréir) idirnáisiúnta (idirnáisiúnta amach agus idirnáisiúnta isteach) ([8]).

(16) Chinn an Coimisiún i gcinntí roimhe seo ([9]) gur féidir an margadh do sheirbhísí seachadta poist a dheighilt ina sheirbhísí mearsheachadta agus ina ghnáthsheirbhísí seachadta (dá ngairtear 'seirbhísí iarchurtha' freisin). Cuirtear san áireamh sa deighilt sin go mbíonn mearsheirbhísí níos tapúla agus níos iontaofa ná gnáthsheirbhís, go n-éilíonn gach ceann de na seirbhísí sin bonneagar éagsúil agus go gcuimsíonn mearsheirbhísí gnéithe breise seirbhíse breisluacha, amhail seirbhísí rianaithe agus lorgaireachta, agus go mbíonn siad níos costasaí de ghnáth freisin.

(17) Rinne an Coimisiún idirdhealú freisin i gcinntí roimhe seo ([10]) idir seirbhísí beartseachadta intíre agus seirbhísí beartseachadta idirnáisiúnta. Mheas an Coimisiún gur cuideachtaí a oibríonn líonraí dáileacháin náisiúnta a sholáthraíonn seirbhísí beartseachadta intíre, ach is éard atá i gceist le beartseachadadh idirnáisiúnta bailiú beart atá le hiompar agus le seachadadh thar lear.

(18) Tá an t-iarratasóir den tuairim go gcomhfhreagraíonn na margaí táirgí ábhartha le haghaidh seirbhísí mearbheartseachadta don dá chineál seirbhísí poist maidir le bearta a chumhdaítear leis an Iarraidh agus a leagtar amach i bpointí (a) agus (b) d'aithris 15. Tá an cur chuige sin i gcomhréir leis an gcleachtas a bhí ag an gCoimisiún roimhe seo.

(19) D'fhéadfaí sainmhínithe margaidh níos cúinge a bheartú i gcásanna áirithe (i.e. seirbhísí mearbheartseachadta intíre Tomhaltóir chuig tomhaltóir/gnólacht (C2X) agus seirbhísí mearbheartseachadta intíre Gnólacht chuig tomhaltóir/gnólacht (B2X)). Mar sin féin, is féidir an sainmhíniú beacht ar an margadh ábhartha a fhágáil oscailte chun críocha an Chinnidh seo. Níl aon athrú ar thoradh na hanailíse cé acu atá nó nach bhfuil sé bunaithe ar shainmhíniú cúng nó ar shainmhíniú níos leithne ([11]).

([6]) Freagra ó údaráis na Liotuáine ar an iarraidh ar fhaisnéis an 14 Márta 2023.

([7]) Dlí Poist Phoblacht na Liotuáine, 15 Aibreán 1999 Uimh. VIII-1141. Leagan nua den dlí amhail ón 1 Eanáir 2013: Uimh. XI-2379 an 8 Samhain 2012, Iris Oifigiúil 2012, Uimh. 135-6867 (22 Samhain 2012).

([8]) Iarraidh, pointe 33 agus pointe 39.

([9]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/737 ón gCoimisiún an 27 Bealtaine 2020 maidir le hinfheidhmeacht Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le conarthaí arna ndámhachtain le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le seirbhísí poist áirithe a sholáthar sa Danmhairg (IO L 172, 3.6.2020, lch. 23), Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1204 ón gCoimisiún an 12 Iúil 2019 maidir le hinfheidhmeacht Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le conarthaí arna ndámhachtain le haghaidh gníomhaíochtaí áirithe a bhaineann le seirbhísí poist áirithe agus seirbhísí eile seachas seirbhísí poist a sholáthar sa Chróit (IO L 189, 15.7.2019, lch. 75). Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/154/AE ón gCoimisiún an 22 Márta 2013 lena ndíolmhaítear seirbhísí áirithe san earnáil phoist san Ungáir ó chur i bhfeidhm Threoir 2004/17/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcomhordaítear na nósanna imeachta um sholáthar de chuid eintiteas a oibríonn sna seirbhísí uisce, fuinnimh, iompair agus poist (IO L 86, 26.3.2013, lch. 22). Féach freisin Cinneadh 90/456/CEE ón gCoimisiún an 1 Lúnasa 1990 maidir le seirbhísí mearchúiréireachta idirnáisiúnta a sholáthar sa Spáinn (IO L 233, 28.8.1990, lch. 19) agus COMP/M.5152 an 21 Aibreán 2009 — Posten AB/Post Danmark A/S; Cinneadh ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2013 i gCás COMP/M.6570 – UPS/TNT Express.

([10]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/737 ón gCoimisiún an 27 Bealtaine 2020 maidir le hinfheidhmeacht Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le conarthaí arna ndámhachtain le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le seirbhísí poist áirithe a sholáthar sa Danmhairg (IO L 172, 3.6.2020, lch. 23), Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1204 ón gCoimisiún an 12 Iúil 2019 maidir le hinfheidhmeacht Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le conarthaí arna ndámhachtain le haghaidh gníomhaíochtaí áirithe a bhaineann le seirbhísí poist áirithe agus seirbhísí eile seachas seirbhísí poist a sholáthar sa Chróit (IO L 189, 15.7.2019, lch. 75). Féach freisin Cás COMP/M.5152 — Posten AB/Post Danmark A/S, 21.4.2009, mír 54.

([11]) Féach i ndáil leis sin Iarscríbhinn 16 a ghabhann leis an Iarraidh, áit ina soláthraíonn an t-iarratasóir meastacháin ar a sciar den mhargadh agus ar a phríomhiomaitheoirí, i ndáil le sainmhínithe margaidh níos cúinge.

3.2.2. Sainmhíniú ar mhargadh ábhartha geografach

(20) De réir an iarratasóra, an margadh geografach ábhartha i gcás seirbhísí mearsheachadta intíre agus i gcás seirbhísí mearsheachadta idirnáisiúnta araon, ba cheart é a shainiú mar mhargadh náisiúnta, lena gcuimsítear críoch Phoblacht na Liotuáine ([12]).

(21) A mhéid a bhaineann leis an margadh geografach, sa chleachtas a bhí ag an gCoimisiún roimhe seo ([13]), mheas sé go raibh raon feidhme náisiúnta ag na margaí le haghaidh mearbheartseachadta, gan beann ar an idirdhealú idir seirbhísí mearsheachadta intíre agus seirbhísí mearsheachadta idirnáisiúnta. Tá seasamh an iarratasóra i gcomhréir le cleachtas an Choimisiúin.

(22) Soláthraíonn an t-iarratasóir seirbhísí beartseachadta intíre agus seirbhísí beartseachadta idirnáisiúnta araon sa Liotuáin.

(23) In éagmais aon chosúlacht go bhfuil raon feidhme éagsúil ag an margadh geografach, chun críocha an mheasúnaithe faoin gCinneadh seo agus gan dochar do dhlí na hiomaíochta, is féidir a mheas go gcumhdaítear críoch na Liotuáine le raon feidhme geografach na seirbhísí mearbheartseachadta intíre agus na seirbhísí mearbheartseachadta idirnáisiúnta.

3.2.3. Anailís mhargaidh

3.2.3.1. Seirbhísí mearbheartseachadta intíre

(24) Tá thart ar 60 soláthraí seirbhísí beartseachadta sa Liotuáin ([14]). Ar bhonn na faisnéise a chuir an t-iarratasóir isteach, tá 4 sholáthraí seirbhísí poist a bhfuil níos mó ná 10 % de mhargadh na seirbhísí mearbheartseachadta intíre i seilbh acu ([15]). De réir na faisnéise a bhí ar fáil, ba é [20-25] % an sciar den mhargadh a bhí ag an iarratasóir sa deighleog sin den mhargadh le haghaidh na tréimhse idir 2019 agus 2021, i dtéarmaí luacha agus méid araon ([16]).

(25) Tá sciartha margaidh iomaitheoirí an iarratasóra níos mó ná sciartha margaidh an iarratasóra nó tá siad inchomparáide leo. Is iad seo a leanas sciartha margaidh na n-iomaitheoirí is mó ó thaobh luacha agus méid de ([17]) le haghaidh na tréimhse idir 2019 agus 2021: DPD Lietuva [30-35] %, Venipak Lietuva [15-20] % agus Omniva LT [10-15] %;

(26) Fiú má dhéantar idirdhealú idir na margaí táirgí malartacha (i.e. seirbhísí mearbheartseachadta intíre (C2X) agus seirbhísí mearbheartseachadta intíre (B2X)), níl aon athrú ar an staid iomaíoch. Dá bhrí sin, a mhéid a bhaineann le seirbhísí mearbheartseachadta intíre (C2X), bhí sciar [35-40] % ag Omniva LT, an chéad oibreoir margaidh sa deighleog sin, le haghaidh na tréimhse idir 2019 agus 2021, i dtéarmaí luacha agus méid araon. Is é Omniva LT atá sa chéad áit sa deighleog seo den mhargadh. Ba é [30-35] % sciar an iarratasóra don tréimhse idir 2019 agus 2021, i dtéarmaí luacha agus méid araon. Bhí sciar [15-20] % ag DPD Lietuva agus bhí sciar [5-10] % ag Venipak Lietuva. Maidir le seirbhísí mearbheartseachadta intíre (B2X), tá 4 sholáthraí seirbhísí poist a bhfuil níos mó ná 10 % acu sa deighleog seo. De réir na faisnéise a bhí ar fáil, ba é [15-20] % an sciar den mhargadh a bhí ag an iarratasóir sa deighleog sin den mhargadh don tréimhse idir 2019 agus 2021, i dtéarmaí luacha agus méid araon. Tá sciartha margaidh iomaitheoirí an iarratasóra níos mó ná sciartha margaidh an iarratasóra nó tá siad inchomparáide leo. Is iad seo a leanas sciartha margaidh na n-iomaitheoirí is mó ó thaobh luacha agus méid de le haghaidh na tréimhse idir 2019 agus 2021: méid DPD Lietuva [35-40] %, Venipak Lietuva [25-30] % agus Omniva LT [10-15] % ([18]).

([12]) Iarraidh, pointe 56.

([13]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1204 ón gCoimisiún an 12 Iúil 2019 maidir le hinfheidhmeacht Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le conarthaí arna ndámhachtain le haghaidh gníomhaíochtaí áirithe a bhaineann le seirbhísí poist áirithe agus seirbhísí eile seachas seirbhísí poist a sholáthar sa Chróit (IO L 189, 15.7.2019, lch. 75). Féach freisin Cás COMP/M.5152 — Posten AB/Post Danmark A/S, an 21.4.2009, míreanna 66 agus 74.

([14]) Faisnéis atá bunaithe ar eolas an iarratasóra ar an margadh, agus an mheastóireacht ar an líon soláthraithe seirbhíse poist a léirítear sa tuarascáil ó Údarás Rialála Cumarsáide Phoblacht na Liotuáine (RTT) á cur san áireamh freisin. Ina bhfreagra an 14 Márta 2023, dheimhnigh údaráis na Liotuáine go bhfuil líon mór oibreoirí seirbhísí mearbheartseachadta intíre atá gníomhach sa Liotuáin.

([15]) Féach i ndáil leis sin Iarscríbhinn 16 a ghabhann leis an Iarraidh, áit ina soláthraíonn an t-iarratasóir meastacháin ar a sciar den mhargadh agus ar a phríomhiomaitheoirí, i ndáil le sainmhínithe margaidh níos cúinge.

([16]) Ibid.

([17]) Ibid.

([18]) Ibid.

(27) Ar bhonn na faisnéise a chuir an t-iarratasóir isteach ([19]), níl aon bhacainn rialála ar iontráil sa mhargadh chun seirbhísí mearbheartseachadta intíre a sholáthar. Ní gá cead foirmiúil a fháil ó institiúidí stáit chun gníomhaíochtaí poist a dhéanamh. De réir na faisnéise a chuir an t-iarratasóir isteach ([20]), agus mar a dheimhnítear leis an bhfaisnéis a chuir údaráis na Liotuáine isteach ([21]), is é an t-aon oibleagáid atá ar an soláthraí fógra a thabhairt d'Údarás Rialála Cumarsáide Phoblacht na Liotuáine (RRT) maidir le tús a chur le seirbhísí a sholáthar agus na ceanglais a leagtar síos don soláthraí seirbhíse poist a chomhlíonadh ([22]).

(28) Ina theannta sin, tugann an Coimisiún dá aire, ar bhonn na faisnéise a chuir an t-iarratasóir isteach, gur leathnaigh iomaitheoirí áirithe a seirbhísí trí bhonneagar taisceadáin bailithe beart a thabhairt isteach. Thairis sin, tá sé beartaithe ag na príomhiomaitheoirí go léir tuilleadh infheistíochtaí agus méaduithe a dhéanamh ar bhonneagar taisceadáin bailithe beart ([23]). De réir faisnéis a d'fhoilsigh RRT, tá tóir mhéadaitheach ar thaisceadáin bailithe beart i gcoitinne agus tá siad anois ar cheann den dá phointe seachadta is mó tóir orthu. Seachadtaí ag cúiréirí agus chuig taisceadáin bailithe beart atá i gceist le 50-60 % agus 35-46 % de bheartseachadtaí uile sa Liotuáin faoi seach, i gcomparáid le thart ar 2 % i ndáil le seachadtaí chuig oifigí poist ([24]). I ndáil leis sin, cé go bhfuil líonra oifigí poist á oibriú ag an iarratasóir, rud nach bhfuil ag soláthraithe seirbhísí cúiréireachta eile, ní fhéadfar é a mheas mar fhachtóir a thugann buntáiste suntasach iomaíoch don iarratasóir i gcomparáid lena iomaitheoirí sa deighleog sin den mhargadh.

(29) Chun críocha an Chinnidh seo agus gan dochar do dhlí na hiomaíochta, ba cheart a mheas go léiríonn na tosca a thugtar tuairisc orthu in aithrisí 24, 25, 26, 27 agus 28 go bhfuil an ghníomhaíocht sin neamhchosanta ar iomaíocht sa Liotuáin. Dá bhrí sin, ós rud é go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE, ba cheart a shuí nach bhfuil feidhm ag Treoir 2014/25/AE maidir le conarthaí atá ceaptha chun saothrú na gníomhaíochta sa Liotuáin a chumasú.

3.2.3.2. Seirbhísí mearbheartseachadta idirnáisiúnta

(30) Tá soláthraithe láidre seirbhísí ann atá gníomhach sna seirbhísí mearbheartseachadta idirnáisiúnta, lena n-áirítear oibreoirí margaidh idirnáisiúnta, amhail DHL nó FedEx. De réir na faisnéise a bhí ar fáil, ba é [0-5] % sciar an iarratasóra sa deighleog sin den mhargadh le haghaidh na tréimhse idir 2019 agus 2021, i dtéarmaí luacha agus méid araon ([25]).

(31) Tá sciar an iarratasóra sa deighleog sin den mhargadh an-íseal i gcomparáid lena iomaitheoirí. De réir na faisnéise a bhí ar fáil, bhí sciar [40-45] % ag DPD Lietuva, an chéad oibreoir margaidh sa deighleog sin, le haghaidh na tréimhse idir 2019 agus 2021, i dtéarmaí luacha agus méid araon. Ba é [10-15] % sciar DHL le haghaidh na tréimhse idir 2019 agus 2021, i dtéarmaí luacha agus méid araon. Tá scaireanna margaidh inchomparáide le scaireanna DHL ag dhá iomaitheoir eile, Omniva LT agus Venipak Lietuva, ag a bhfuil [10-15] % le haghaidh na tréimhse idir 2019 agus 2021, i dtéarmaí luacha agus méid araon ([26]). I bhfianaise an sciar an-íseal den mhargadh atá ag an iarratasóir sa deighleog sin, ní gá measúnú ar leithligh a dhéanamh ar an sciar den mhargadh do sheirbhísí mearbheartseachadta idirnáisiúnta C2X agus B2X. Léiríonn na sciartha margaidh go bhfuil iomaitheoirí in ann brú iomaíoch suntasach a chur ar an iarratasóir sa deighleog sin.

([19]) Iarraidh, pointe 111.
([20]) Iarraidh, pointe 64.
([21]) Freagra ó údaráis na Liotuáine ar an iarraidh ar fhaisnéis an 14 Márta 2023.
([22]) Baineann na ceanglais a fhorordaítear le hAirteagal 10 den Dlí Poist le cearta agus oibleagáidí na soláthraithe seirbhísí poist, i.e., mionsonraithe maidir le conas ba cheart ítimí poist a sheachadadh agus a chur ar ais, an ceanglas maidir le téarmaí agus coinníollacha le haghaidh seirbhísí poist, áiteanna gnó an tsoláthraí agus faisnéis ábhartha eile a fhoilsiú, an ceanglas freagra a thabhairt do chustaiméirí laistigh de 14 lá, agus an ceanglas tuairisciú do RRT. Sna rialacha maidir le soláthar seirbhísí poist arna nglacadh ag RRT, déantar tuilleadh sonraithe ar cheanglais maidir le seirbhísí poist (Ordú Uimh. 1V-332 ó Stiúrthóir Údarás Rialála Cumarsáide Phoblacht na Liotuáine an 28 Feabhra 2013).
([23]) Iarraidh, pointe 106.
([24]) Tuarascáil RRT (Ráithe IV 2021), Iarscríbhinn Uimh. 9 a ghabhann leis an Iarraidh.
([25]) Féach i ndáil leis sin Iarscríbhinn 16 a ghabhann leis an Iarraidh, áit ina soláthraíonn an t-iarratasóir meastacháin ar a sciar den mhargadh agus ar a phríomhiomaitheoirí, i ndáil le sainmhínithe margaidh níos cúinge.
([26]) Ibid.

(32) Chun críocha an Chinnidh seo agus gan dochar do dhlí na hiomaíochta, ba cheart a mheas go léiríonn na tosca a liostaítear in aithrisí 30 agus 31 go bhfuil an ghníomhaíocht sin neamhchosanta ar iomaíocht sa Liotuáin. Dá bhrí sin, ós rud é go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE, ba cheart a shuí nach bhfuil feidhm ag Treoir 2014/25/AE maidir le conarthaí atá ceaptha chun saothrú na gníomhaíochta sa Liotuáin a chumasú.

## 4. **CONCLÚID**

(33) I bhfianaise na dtosca a scrúdaíodh in aithrisí 6 go 32, ba cheart a mheas go gcomhlíontar an coinníoll maidir le neamhchosaint dhíreach ar iomaíocht a leagtar síos in Airteagal 34(1) de Threoir 2014/25/AE sa Liotuáin i ndáil leis an ngníomhaíocht a bhaineann le seirbhísí mearbheartseachadta intíre agus i ndáil leis an ngníomhaíocht a bhaineann le seirbhísí mearbheartseachadta idirnáisiúnta.

(34) Ós rud é go meastar an coinníoll maidir le rochtain neamhshrianta ar an margadh a bheith comhlíonta, níor cheart feidhm a bheith ag Treoir 2014/25/AE nuair a dhéanann eintitis chonarthacha conarthaí a dhámhachtain lena mbeartaítear a fhágáil gur féidir na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in aithris 33 den Chinneadh seo a dhéanamh sa Liotuáin, ná nuair a eagraítear comórtais dheartha chun críche gníomhaíocht den sórt sin sa limistéar geografach sin.

(35) Tá an Cinneadh seo gan dochar do chur i bhfeidhm rialacha iomaíochta an Aontais agus do naforálacha i réimsí eile de dhlí an Aontais. Go háirithe, na critéir agus an mhodheolaíocht a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar neamhchosaint dhíreach ar iomaíocht faoi Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE, ní gá gurb ionann iad agus na critéir agus an mhodheolaíocht a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh faoi Airteagal 101 nó 102 den Chonradh nó de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([27]) mar a dhearbhaigh an Chúirt Ghinearálta ([28]),

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Ní bheidh feidhm ag Treoir 2014/25/AE maidir le dámhachtain conarthaí ag eintitis chonarthacha ar conarthaí iad lena mbeartaítear a fhágáil gur féidir na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh sa Liotuáin:

— seirbhísí mearbheartseachadta intíre

— seirbhísí mearbheartseachadta idirnáisiúnta

*Airteagal 2*

Is chuig Poblacht na Liotuáine a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Meitheamh 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
Thierry BRETON
*Comhalta den Choimisiún*

([27]) Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (IO L 24, 29.1.2004, lch. 1).

([28]) Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 27 Aibreán 2016, *Österreichische Post AG v. An Coimisiún*, t-463/14, EU:T:2016:243, mír 28. Féach freisin Treoir 2014/25/AE, aithris 44.